*Uimhir* 41 *de* 1997

# An tAcht um Aistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith Orthu (Leasú), 1997

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 41 *de* 1997

**AN tACHT UM AISTRIÚ DAOINE AR CUIREADH PIANBHREITH ORTHU (LEASÚ), 1997**

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT


Alt

1. Leasú ar alt 7 den Acht um Aistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith Orthu, 1995.

2. Alt 10A a chur isteach san Acht um Aistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith Orthu, 1995.

3. Alt 10B a chur isteach san Acht um Aistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith Orthu, 1995.

4. Gearrtheideal agus comhlua.

An tAcht dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| An tAcht um Aistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith Orthu, 1995 | 1995, Uimh. 16 |

*Uimhir* 41 *de* 1997

# AN tACHT UM AISTRIÚ DAOINE AR CUIREADH PIANBHREITH ORTHU (LEASÚ), 1997

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEASÚ AN ACHTA UM AISTRIÚ DAOINE AR CUIREADH PIANBHREITH ORTHU, 1995, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE COMHGHAOLMHARA. [17 *Nollaig* 1997]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Leasú ar alt 7 den Acht um Aistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith Orthu, 1995.

**1.—**Leasaítear leis seo an tAcht um Aistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith Orthu, 1995 in alt 7—

(*a*) trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (5) agus (6):

"(5) (*a*) Ar iarratas chun na hArd-Chúirte faoi fho-alt (1) den alt seo, más rud é go bhfuil an phianbhreith lena mbaineann arna forchur ag an stát gearrtha pianbhreithe lena mbaineann ar neamhréir, ina gné dhlíthiúil, le dlí an Stáit, féadfaidh an Chúirt an ghné dhlíthiúil den phianbhreith a chur in oiriúint don ghné dhlíthiúil de phianbhreith a fhorordaítear le dlí an Stáit i leith ciona atá comhchosúil leis an gcion ar forchuireadh an phianbhreith ina leith.

(*b*) Féadfaidh an tAire, dá lánrogha féin agus más cuí leis nó léi déanamh amhlaidh, a áireamh in iarratas chun na hArd-Chúirte faoi fho-alt (1) den alt seo iarratas go ndéanfaidh an Chúirt ré na pianbhreithe lena mbaineann arna forchur ag an stát gearrtha pianbhreithe lena mbaineann a chur in oiriúint do ré pianbhreithe a fhorordaítear le dlí an Stáit i leith ciona atá comhchosúil leis an gcion ar forchuireadh an phianbhreith ina leith agus, má dhéanann an tAire amhlaidh agus más rud é go bhfuil an phianbhreith lena mbaineann arna forchur ag an stát gearrtha pianbhreithe lena mbaineann ar neamhréir, ina ré, le dlí an Stáit, féadfaidh an Chúirt ré na pianbhreithe sin a chur in oiriúint mar a dúradh.

(6) (*a*) Beidh an ghné dhlíthiúil de phianbhreith a bheidh curtha in oiriúint faoi mhír (*a*) d'fho-alt (5) den alt seo, a mhéid is indéanta, i gcomhréir leis an ngné dhlíthiúil den phianbhreith lena mbaineann arna forchur ag an stát gearrtha pianbhreithe lena mbaineann agus, in aon chás—

(i) ní mhéadóidh sí í, ná

(ii) ní mó í ná an pionós uasta a fhorordaítear le dlí an Stáit i leith ciona chomhchosúil.

(*b*) Beidh an ré de phianbhreith a bheidh curtha in oiriúint faoi mhír (*b*) d'fho-alt (5) den alt seo, a mhéid is indéanta, i gcomhréir leis an ré den phianbhreith lena mbaineann arna forchur ag an stát gearrtha pianbhreithe lena mbaineann agus, in aon chás—

(i) ní mhéadóidh sí í, ná

(ii) ní mó í ná an pionós uasta a fhorordaítear le dlí an Stáit i leith ciona chomhchosúil.",

agus

(*b*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (9):

"(10) San alt seo, ní fholaíonn tagairt don ghné dhlíthiúil de phianbhreith tagairt do ré na pianbhreithe sin.".

Alt 10A a chur isteach san Acht um Aistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith Orthu, 1995.

**2.**—Leasaítear leis seo an tAcht um Aistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith Orthu, 1995 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 10—

"10A.—Tabharfaidh an tAire, a mhéid is indéanta, breith ar iarratas faoi alt 4(1) den Acht seo nó ar thoiliú le hiarratas faoi fho-alt (1) nó (2) d'alt 6 den Acht seo laistigh de 6 mhí ó dháta an iarratais.".

Alt 10B a chur isteach san Acht um Aistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith Orthu, 1995.

**3.**—Leasaítear leis seo an tAcht um Aistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith Orthu, 1995 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 10—

"10B.—Go dtí go dtabharfar breith ar iarratas faoi alt 4(1) den Acht seo nó ar thoiliú le hiarratas faoi fho-alt (1) nó (2) d'alt 6 den Acht seo, cuirfidh an tAire an t-iarratasóir (agus an duine faoi phianbhreith lena mbaineann, murab é nó í an t-iarratasóir é nó í) ar an eolas go tráthrialta maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ar an iarratas.".

Gearrtheideal agus comhlua.

**4.**—(1) Féadfar an tAcht um Aistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith Orthu (Leasú), 1997 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna um Aistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith Orthu, 1995 agus 1997 a ghairm den Acht um Aistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith Orthu, 1995 agus den Acht seo le chéile.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€0.76

ISBN 978-1-4468-6040-3